

**Cairt um Sheirbhís do
Chustaiméirí
2018-2020**

Clár Ábhar

1	Fís, misean agus luachanna	1
2	Cuspóir na Cairte um Sheirbhís do Chustaiméirí.....	iii
3	Ár ngealltanais duitse	iv
4	Cabhrú linn cabhrú leat	4
5	Cumarsáidí linn	vi
6	Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas	xi
7	Comhionannas	xii
8	Seirbhís i nGaeilge.....	xiii
9	Conas gearán a dhéanamh	xiv
10	Saoráil faisnéise	xvi
11	Cosaint sonraí.....	xvii
12	Conas teagmháil a dhéanamh linn.....	xix

1 Fís, misean agus luachanna

Fís

Tomhaltóirí ar oileán na hÉireann a gcumhachtaítear dóibh bia sláintiúil sábháilte a ithe.

Misean

Sláinte agus folláine an phobail a chothú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

Luachanna

Agus ár bhfís agus ár misean a bhaint amach, tá sé mar aidhm againn

- go mbeadh iontaoibh ag tomhaltóirí asainn*
- go dtabharfadh ár gcomhpháirtithe urraim dúinn agus go mbeadh meas acu orainn*
- áit oibre shásúil a thairiscint dár bhfostaithe.*

2 Cuspóir na Cairte um Sheirbhís do Chustaiméirí

Leagtar amach sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí an caighdeán seirbhíse agus iompraíochta ar cheart go dtreiseodh sé ár dteagmhálacha lenár gcustaiméirí uile ar fud oileán na hÉireann. Is é sin an caighdeán seirbhíse ar féidir leatsa, mar chustaiméir, a bheith ag súil leis nuair a dhéanann tú teagmháil le **safefood**.

Áirítear le custaiméirí **safefood** gach uile thomhaltóir ar fud oileán na hÉireann, ag gníomhú dóibh i gcáil phoiblí agus i gcáil ghairmiúil araon.

3 Ár ngealltanas duitse

Tá sé tábhachtach do **safefood** seirbhís atá ar ardchaighdeán agus lán-inrochtana a sholáthar dár gcustaiméirí.

Déanfaimid na nithe seo:

- Freagra a thabhairt duit go pras, go héifeachtúil agus de réir lán ár gcumais.
- Comhairle ábhartha intuigthe a thabhairt duit, agus faisnéis shoiléir chruinn á soláthar.
- Bheith múinte agus cothrom sa dóigh a bpléimid leat, agus fanacht neamhchlaonta agus tuisceanach i gcónaí do d'iarraidh.
- A chinntiú go seasfar le do chearta chun cóir chomhionann a fháil, mar a leagtar amach sa reachtaíocht comhionannais.
- Freastal ar aon riachtanais nó ceanglais shonracha a d'fhéadfadh a bheith ag ár gcustaiméirí.
- An fhaisnéis phearsanta a thugann tú dúinn a chosaint.
- Eolas a thabhairt duit faoi do chuid ceart agus teidlíochtaí de réir mar is cuí.
- Próiseas a sholáthar duit trínar féidir leat gearán a dhéanamh faoinár seirbhís. Déanfaidh **safefood** ár seacht ndícheall nithe a chur ina gceart má tá meancóg déanta againn, agus féachfaimid le do ghearán a réiteach go hiomlán.

4 Cabhrú linn cabhrú leat

Is mór againn do thuairim

Is féidir leat cabhrú linn feabhas a bhaint amach ach aiseolas a thabhairt. Is féidir go mbeidh teist, moladh, ábhar inní nó gearán i d'aiseolas. Fáiltíonn **safefood** roimh an aiseolas ar fad a fhaightear.

- Bainfidimid úsáid as an aiseolas sin chun cabhrú linn an tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí.
- Iarrfaimid aiseolas ó am go chéile freisin trí chuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i suirbhéanna. Má roghnaíonn tú suirbhé a chomhlánú, beidh tú ag soláthar faisnéis luachmhar do **safefood** a chabhróidh linn ár gcumarsáid agus ár seirbhísí a fheabhsú.



5 Cumarsáidí linn

Nuair a dhéanann tú teagmháil le **safefood**, bímid ag súil leis go gcaithfidh tú lenár bhfoireann ar bhealach measúil, cúirtéiseach agus tuisceanach.

An tseirbhís ar féidir leat a bheith ag súil léi uainn



Ríomhphost (info@safefood.net)

- Nuair a dhéanann tú teagmháil linn trí ríomhphost, seolfaimid ríomhphost chugat faoin gcéad lá oibre eile ina n-admhófar go bhfuarthas d'fhiosrú.
- Tabharfaimid freagra iomlán ar d'fhiosrú laistigh de 5 lá oibre.
- In amanna, is féidir nach mbeifear in ann freagra iomlán a thabhairt laistigh de 5 lá oibre, mar shampla i gcás go mbeidh roinnt mhaith taighde nó saineolais ag teastáil chun freagra a thabhairt ar fhiosrú. Sa chás sin, inseoimid duit cén uair a mheasaimid go mbeimid in ann freagra iomlán a thabhairt. Tabharfaimid an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn duit go rialta.
- Áireofar le gach píosa comhfhreagrais ríomhphoist a sheolfaimid chugat ainm teagmhálaí ag **safefood** agus uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí sin.
- Chun a chinntiú gurb achomair agus intuigthe a bheidh ár bhfreagra ar d'fhiosrú, scríobhfaimid ríomhphoist chugat i dteanga shoiléir ina míneofar téarmaí teicniúla.
- Tabharfaimid aird ar do phríobháideacht agus déileálfaimid i modh rúin le d'fhiosrú. Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.



Teileafón

Líne cabhrach

Tuaisceart Éireann 0800 0851683

Poblacht na hÉireann 1850 404567

Fáiltiú

+353 (0)21 230 4100

- Oibrítear ár líne theileafóin fáiltithe agus ár línte cabhrach ó 9am go 5pm ó Luan go hAoine.
- Freagróimid glaonna teileafóin a luaithe is féidir, agus déanfaimid iarracht do cheist a fhreagairt lom láithreach.
- In amanna, beidh sé riachtanach do ghlaio a aistriú. Sa chás sin, inseoimid duit ainm an duine a mbeidh tú do d'aistriú chuige nó chuici agus tabharfaimid eolas don duine sin faoi chineál d'fhiosraithe.
- Má fhágann tú teachtaireacht ghutha, féachfaimid le freagra a thabhairt duit faoin gcéad lá oibre eile.
- Tabharfaimid freagra iomlán ar d'fhiosrú laistigh de 5 lá oibre.
- In amanna, is féidir nach mbeifear in ann freagra iomlán a thabhairt laistigh de 5 lá oibre, mar shampla i gcás go mbeidh roinnt mhaith taighde nó saineolais ag teastáil chun freagra a thabhairt ar fhiosrú. Sa chás sin, inseoimid duit cén uair a mheasaimid go mbeimid in ann freagra iomlán a thabhairt. Tabharfaimid an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn duit go rialta.
- Cuirfidh fostaithe **safefood** iad féin in aithne duit agus cuirfidh siad a réimse oibre in iúl duit nuair a fhreagróidh siad an fón agus nuair a chuirfidh siad glao fóin ort.
- Beimid múinte agus cabhrach inár gcomhráite leat, agus tabharfaimid faisnéis shoiléir cheart duit.
- Tabharfaimid aird ar do phríobháideacht agus déileálfaimid i modh rúin le d'fhiosrú. Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.



Comhfhreagras scríofa

Seolta chuig *safefood*, 7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir, An tOileán Beag, Co.
Chorcaí, T45 RX01

- Nuair a scríobhann tú chugainn, admhóimid laistigh de 5 lá oibre go bhfuarthas do chomhfhreagras.
- Tabharfaimid freagra iomlán i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre.
- In amanna, ní bheifear in ann freagra iomlán a thabhairt laistigh de 10 lá oibre, mar shampla i gcás go mbeidh roinnt mhaith taighde nó saineolais ag teastáil chun freagra a thabhairt ar fhiosrú. Sa chás sin, inseoimid duit cén uair a mheasaimid go mbeimid in ann freagra iomlán a thabhairt. Coinneoimid ar an eolas thú faoin dul chun cinn go rialta freisin.
- Áireofar le gach litir a sheolfaimid chugat ainm teagmhálaí ag **safefood** agus uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí sin.
- Chun a chinntiú gurb achomair agus intuigthe a bheidh ár bhfreagra ar d'fhiosrú, scríobhfaimid chugat i dteanga shoiléir ina míneofar téarmaí teicniúla.
- Tabharfaimid aird ar do phríobháideacht agus déileálfaimid i modh rúin le d'fhiosrú. Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.



Cuairt a thabhairt ar *safefood*

- Is féidir leat bualadh linn inár n-oifigí ó 9am go 5pm ó Luan go hAoine ach coinne a dhéanamh.
- Beimid múinte agus cabhrach leat.
- Beidh ár saoráidí dea-chothabháilte agus oiriúnach do bhualadh leat, i gcomhréir le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.
- Tá oifigí **safefood** inrochtana do chustaiméirí faoi mhíchumas. Nuair is féidir, tabhair réamhfhógra dúinn má tá aon cheanglais rochtana agat. Beidh ár nOifigeach Rochtana do

Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil chun aon socrúithe riachtanacha a dhéanamh. Tá ár ráiteas inrochtaineachta agus ár mbeartas míchumais foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.

- Nuair a thugann tú cuairt ar **safefood**, beimid múinte agus cabhrach inár gcomhráite leat, agus tabharfaimid faisnéis shoiléir cheart duit.
- Tabharfaimid aird ar do phríobháideacht agus déileálfaimid i modh rúin le d'fhiosrú. Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.



Suíomh Gréasáin (www.safefood.net)

- Déanfar ár suíomh Gréasáin a chothabháil agus beidh a inneachar cruinn agus cothrom le dáta.
- Chun a chinntiú gurb achomair agus intuigthe a bheidh an t-inneachar, soláthróimid faisnéis ar ár suíomh Gréasáin agus inár n-acmhainní digiteacha eile i dteanga shoiléir ina míneofar téarmaí teicniúla.
- Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh ár suíomh Gréasáin éasca le rochtain agus le nascleanúint, áisiúil don úsáideoir agus inrochtana agus go mbeidh sé ag freastal ar raon leathan brabhsálaithe agus gléasanna.
- Is féidir leat ár suíomh Gréasáin a rochtain trí do ghléas móibíleach.
- Taispeántar pointí teagmhála **safefood** go soiléir ar ár suíomh Gréasáin.
- Geallaimid go ndéanfaimid ár suíomh Gréasáin a chothabháil ar leibhéal comhréireachta AAA ar a laghad laistigh de na Treoirínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) ón Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI).
- Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.



Na meáin shóisialta agus ardáin dhigiteacha (Facebook, Instagram, LinkedIn, Pinterest, Twitter)

Leanfaimid le hinneachar ábhartha a chur lenár n-ardáin mheán sóisialta agus lenár líonraí gairmiúla dúnta.

- Nuair a dhéanann tú teagmháil linn ar ár n-ardáin mheán sóisialta, tabharfaimid freagra ar d'fhiosrú laistigh de 24 huairé an chloig.
- Tabharfaimid freagra iomlán ar d'fhiosrú laistigh de 5 lá oibre.
- Is féidir go mbeidh freagra níos mine ag teastáil le haghaidh roinnt ceisteanna. Sa chás sin, is féidir go n-iarrfaimid ort an comhrá a bhogadh chuig ardán níos oiriúnaí, amhail Facebook Messenger nó ríomhphost.
- In amanna, is féidir nach mbeifear in ann freagra iomlán a thabhairt laistigh de 5 lá oibre, mar shampla i gcás go mbeidh roinnt mhaith taighde nó saineolais ag teastáil chun freagra a thabhairt ar fhiosrú. Sa chás sin, inseoimid duit cén uair a mheasaimid go mbeimid in ann freagra iomlán a thabhairt. Tabharfaimid an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn duit go rialta.
- Athbhreithneoidimid gach postáil agus bainfimid de na cuntais aon phostálacha atá míchuí nó gránna.
- Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.

6

Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas

- Tá **safefood** inrochtana do gach custaiméir faoi mhíchumas ar fud oileán na hÉireann. Féachfaimid lena chinntiú go gcoinneofar an rochtain sin ar bun de réir an chaighdeáin is airde. I gcomhréir le halt 26(2) den Acht um Míchumas, cheap **safefood** Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ar na bealaí seo:
 - trí ríomhphost equality@safefood.net
 - ar an teileafón [+353 \(0\)31 230 4100](tel:+3530312304100)
- Foilsíonn **safefood** faisnéis i bhformáidí oiriúnacha atá ar fáil go réidh do chustaiméirí faoi mhíchumas, nuair is féidir. Chun faisnéis a fháil faoi na formáidí a sholáthraíonn **safefood**, déan teagmháil lenár nOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Geallaimid go ndéanfaimid ár suíomh Gréasáin a chothabháil ar leibhéal comhréireachta AAA ar a laghad laistigh de na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) ón Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI).
- Tá oifigí **safefood** agus ár n-imeachtaí as an láithreán inrochtana do chustaiméirí faoi mhíchumas. Nuair is féidir, tabhair réamhfhógra dúinn má tá aon cheanglais rochtana agat. Beidh ár nOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil chun aon socruithe riachtanacha a dhéanamh.
- Má theastaíonn aon chabhair nó aon doiciméid i bhformáid mhalartach uait, déan teagmháil lenár nOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Tá ár ráiteas inrochtaineachta agus ár mbeartas míchumais foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.

7 Comhionannas

Mar chomhlacht uile-oileáin, tá **safefood** lántiomanta do chloí leis an reachtaíocht comhionannais ar oileán na hÉireann, ní hamháin mar dhualgas atá orainn ach mar léiriú nádúrtha ar éiteas **safefood** freisin.

- Tá ár mbeartas comhionannais ag teacht leis an dea-chleachtas ar oileán na hÉireann, agus comhlíonann sé na hoibleagáidí dlíthiúla a chuirtear orainn leis an reachtaíocht dhifriúil ar féidir léi feidhm a bheith aici i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- Nuair a bheidh **safefood** i mbun teagmhála leatsa, ag gníomhú duit mar chustaiméir, ní dhéanfaimid idirdhealú ar fhorais chomhionannais, agus déanfaimid ár ndícheall freastal ar riachtanais gach duine dár gcustaiméirí go cothrom.
- Cuirtear oiliúint ar fhostaithe **safefood** go rialta i gcleachtadh an chomhionannais deise agus an dea-chaidrimh.
- Is féidir tuilleadh faisnéise faoi scéim comhionannais **safefood** a fháil ag

[http://www.safefood.net/Utility/About-Us/Our-Policies-\(1\)/Equality.aspx](http://www.safefood.net/Utility/About-Us/Our-Policies-(1)/Equality.aspx)

8 Seirbhís i nGaeilge

Déanfaidh **safefood** dianiarracht freastal ar chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.

- In amanna, níl cainteoir Gaeilge ar fáil chun freagra a thabhairt ar cheist lom láithreach. Sa chás sin, iarrfaimid ort do cheist a chur orainn trí ríomhphost nó trí litir a scríobh.
- Tabharfaimid freagra ar ríomhphost agus comhfhreagras atá scríofa i nGaeilge ar an mbealach céanna a thabharfaimid freagra ar fhiosruithe atá scríofa i mBéarla, mar atá leagtha amach i Roinn 5 Cumarsáidí linn”.

9 Conas gearán a dhéanamh

Mura bhfuil tú sásta leis na seirbhísí a sholáthair **safefood** nó má tá tú den tuairim go bhfuair tú seirbhís nach gcomhlíonann na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, beidh an ceart agat chun gearán a dhéanamh. Déileálfaidh **safefood** le do ghearán ar bhealach cothrom múinte.

- Is féidir leat gearán a dhéanamh ar na bealaí seo:
 - **trí ríomhphost a sheoladh chuig** info@safefood.net
 - **trí scríobh chuig** **safefood**, 7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01
- Admhóimid faoin gcéad lá oibre eile go bhfuarthas do ríomhphost, nó admhóimid laistigh de 5 lá oibre go bhfuarthas do litir.
- Tabharfaimid freagra iomlán i scríbhinn ar do ríomhphost nó do litir laistigh de 10 lá oibre.
- In amanna, ní bheifear in ann freagra iomlán a thabhairt laistigh de 10 lá oibre, mar shampla i gcás go mbeidh roinnt mhaith taighde nó saineolais ag teastáil chun freagra a thabhairt ar ghearán. Sa chás sin, inseoimid duit cén uair a mheasaimid go mbeimid in ann freagra iomlán a thabhairt. Coinneoidimid ar an eolas thú faoin dul chun cinn go rialta freisin.
- Áireofar le gach litir a sheolfaimid chugat ainm teagmhálaí ag **safefood** agus uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí sin.
- Chun a chinntiú gurb achomair agus intuigthe a bheidh ár bhfreagra ar d'fhiosrú, scríobhfaimid chugat i dteanga shoiléir ina míneofar téarmaí teicniúla.
- Tabharfaimid aird ar do phríobháideacht agus déileálfaimid i modh rúin le do ghearán. Tá ár ráiteas príobháideachta foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.

Déanfaidh **safefood** ár seacht ndícheall nithe a chur ina gceart má tá meancóg déanta againn, agus féachfaimid le do ghearán a réiteach go hiomlán.

Mura bhfuil tú sásta leis an dóigh ar dhéileáil **safefood** le do ghearán, beidh an ceart agat chun achomharc a dhéanamh.

- Is féidir leat achomharc a dhéanamh ar na bealaí seo:

- **trí ríomhphost a sheoladh chuig** info@safefood.net
- **trí scríobh chuig** **safefood**, 7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01
- Cinnteoidh **safefood** go mbíonn a bhaill foirne agus a chustaiméirí láneolach ar an bpróiseas achomhairc ba cheart a leanúint.

Mura bhfuil tú sásta leis an dóigh ar sheol **safefood** an próiseas achomhairc nó leis an toradh ar an bpróiseas achomhairc, beidh an ceart agat chun achomharc breise a dhéanamh.

- Féadfaidh custaiméirí i **bPoblacht na hÉireann** achomharc a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman ar na bealaí seo:
 - **ar an teileafón** **+353** (0)1 6395600 nó 1890 223030
 - **trí ríomhphost a sheoladh chuig** ombudsman@ombudsman.ie
 - **trí scríobh chuig** Oifig an Ombudsman,
8 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
- Féadfaidh custaiméirí i **dTuaisceart Éireann** achomharc a dhéanamh chuig Ombudsman Thuaisceart Éireann ar na bealaí seo:
 - **ar an teileafón** **+44** (0)28 90 233821 nó 897789
 - **ar Shaorghlao** 0800 34 34 24
 - **trí ríomhphost a sheoladh chuig** nipso@nipso.org.uk
 - **trí scríobh chuig** Oifig Seirbhísí Poiblí Thuaisceart Éireann,
Teach Progressive,
33 Plás Wellington,
Béal Feirste, BT1 6HN
trí Shaorphost chuig NIPSO

10 Saoráil faisnéise

Cloíonn **safefood** go hiomlán le téarmaí an Chóid Chleachtais um Shaoráil Faisnéise do Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus do Tourism Ireland Ltd, a tháinig in éifeacht an 1 Feabhra 2006. Is féidir an cód cleachtais sin a fháil ag

[www.safefood.net/Utility/About-Us/Our-Policies-\(1\)/Freedom-of-Information](http://www.safefood.net/Utility/About-Us/Our-Policies-(1)/Freedom-of-Information)

- Soláthróidh **safefood** a oiread faisnéise agus is féidir mar ghnáthamh.
- Is féidir leat iarraidh fhoirmiúil ar fhaisnéis a dhéanamh faoinár gcód cleachtais
 - trí ríomhphost a sheoladh chuig foi@safefood.net
 - trí scríobh chuig **safefood**, 7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01

11 Cosaint sonraí

Tá feidhm maidir le **safefood** ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, agus ag Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí.

- Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cosnaítear príobháideacht daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil.
- Ciallaíonn “sonraí pearsanta” faisnéis a bhaineann le duine beo is féidir a shainaithint ó na sonraí féin nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile a shealbhaítear.
- Cloífidh **safefood** lenár ráiteas príobháideachta agus lenár mbeartas cosanta sonraí. Tá siad sin foilsithe ar ár suíomh Gréasáin.
- Ní nochtfaimid faisnéis faoi chustaiméir gan toiliú an chustaiméara a fháil, seachas mar a cheadaítear nó a cheanglaítear leis an dlí:
 - chun slándáil an Stáit a chosaint
 - chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh
 - chun aon cháin, dleacht nó airgead eile atá dlite don Stát nó is iníoctha leis a mheasúnú nó a bhailiú
 - ar mhaithe le caidreamh idirnáisiúnta an Stáit a chosaint
 - go práinneach chun díobháil nó damáiste eile do shláinte duine, nó chun cailteanas mór maoine nó damáiste mór do mhaoin, a chosc
 - mar gheall ar aon achtachán nó faoi aon achtachán nó mar gheall ar aon riail dlí nó ordú cúirte
 - chun comhairle dlí a fháil nó chun críocha, nó le linn, imeachtaí dlíthiúla inar páirtí nó finné an duine a dhéanann an nochtadh.
- Féachann **safefood** le toiliú follasach a fháil ón gcustaiméir le cumarsáidí faoinár gcuid gníomhaíochtaí agus faoi thionscnaimh mhargaíochta eile a fháil. Ciallaíonn sé sin nach mór do thoiliú a bheith ina ghníomh atá tugtha go saor, sonrath agus eolach agus atá déanta mar fhreagairt d’fhógra soiléir intuigthe maidir le sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid chun críocha margaíochta.
- Féadfaidh custaiméirí a dtoiliú le bailiú breise a sonraí pearsanta a tharraingt siar agus diúltú do chumarsáidí margaíochta a fháil ag am ar bith. Tabharfar eolas soiléir inár gcumarsáidí faoin

gceart atá agat chun diúltú do chumarsáidí a fháil agus faoi conas is féidir leat déanamh amhlaidh.

12 Conas teagmháil a dhéanamh linn

Scríobh chuig

safefood,

7 Ascaill an Gheata Thoir,

An Geata Thoir,

An tOileán Beag,

Co. Chorcaí,

T45 RX01

Cuir glao ar ár líne chabhrach i dTuaisceart Éireann

0800 0851683

Cuir glao ar ár líne chabhrach i bPoblacht na hÉireann

1850 404567

Cuir glao ar ár bhfáilteú

+353 (0)21 230 4100

Facs

+353 (0)21 230 4111

Ríomhphost

info@safefood.net

Suíomh Gréasáin

www.safefood.net/Utility/Contact-us

Na meáin shóisialta



safefood

7 Eastgate Avenue, Eastgate, Little Island, Co. Cork, T45 RX01

7 Ascaill an Gheata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01

7 Aistiyett Avenue, Aistiyett, Wee Isle, Co. Cork, T45 RX01

Teil. +353 (0)21 230 4100

Facs +353 (0)21 230 4111

Ríomhphost info@safefood.net

Suíomh Gréasáin www.safefood.net

www.safefood.eu
HELPLINE
NI 0800 085 1683
ROI 1850 40 4567